



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2015

Matamaitic

Páipéar 2
Gnáthleibhéal

Dé Luain, 8 Meitheamh – Maidin, 9:30 go dtí 11:30

300 marc

Scrúduimhir

Stampa an ionaid

Iomlán reatha	
---------------	--

Don scrúdaitheoir			
Ceist	Marc	Ceist	Marc
1		11	
2		12	
3			
4			
5			
6			
7			
8		Iomlán	
9		Bónas	
10		Móriomlán	

Grád

Treoracha

Tá 12 ceist ar an scrúdpháipéar seo. Freagair **gach** ceist.

Ní gá go bhfuil na ceisteanna ar aon mharc. Moltar uasmhéid ama do gach ceist anseo chun cabhrú leat do chuid ama a roinnt go cuí le linn an scrúdaithe seo. Má chloíonn tú leis na hamanna seo, beidh thart ar 10 nóiméad fágtha agat chun súil a chaitheamh siar ar do chuid oibre.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura ndéanfaidh tú é sin. Tá spás d'obair bhreise ag cúl an leabhráin. Is féidir páipéar breise a iarraidh ar an bhfeitheoir freisin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Tabharfaidh an feitheoir cóip den leabhrán *Foirmlí agus Táblaí* duit. Caithfidh tú é a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe. Níl cead agat do chóip féin a thabhairt isteach sa scrúdú.

Caillfidh tú marcanna mura dtaispeántar go soiléir an obair riachtanach go léir.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura dtugtar na haonaid tomhais chuí sna freagraí, de réir mar a oireann.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura dtugtar na freagraí san fhoirm is simplí, de réir mar a oireann.


Scríobh déanamh agus múnla d'áireamhá(i)n anseo:

Ceist 2**(5 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

Nuair a d'imir foireann rugbaí na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh, cuireadh páirc imeartha rugbaí laistigh de pháirc an CLG.

Bhí páirc an CLG 145 m ar fad agus 90 m ar leithead.

Bhí páirc an rugbaí 120 m ar fad agus 70 m ar leithead.



(a) Faigh **achar** an dá pháirc.



Achar pháirc an CLG:	Achar pháirc an rugbaí:

(b) Cén t-achar de pháirc an CLG **nár** úsáideadh don rugbaí?


Ceist 3

(10 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)

(a) Ríomh méid na huillinne atá marcáilte le P sa triantán dronuilleach thíos.




(b) Tarraing íomhá an triantáin thíos faoi **shiméadracht aiseach** sa líne k .




(c) (i) Scríobh síos fad an tsleasa atá **urchomhaireach** leis an uillinn R sa triantán a thaispeántar.

Urchomhaireach = m



(ii) Úsáid Teoirim **Phíotagaráis** chun fad an **taobhagáin** ar an triantán sin a fháil.




Ich	iom. rea
-----	----------

Ceist 4

(15 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)


Taispeánann an léaráid líon na gcarranna nua a díoladh i ngaráiste áirithe in aon bhliain amháin.



(a) Cé mhéad carr nua a díoladh sna míonna **Aibreán – Meitheamh**?

Sna míonna **Deireadh Fómhair – Nollaig**, díoladh leathoiread díreach na gcarranna nua a díoladh sna míonna **Aibreán – Meitheamh**.

(b) Cé mhéad carr nua a díoladh sna míonna **Deireadh Fómhair – Nollaig**?




(c) **Tarraing** an barra le haghaidh na míonna **Deireadh Fómhair – Nollaig** ar an léaráid thuas.

Ceist 6

(10 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)

Taispeántar na pointí A agus B ar an ngréille chomhordanáideach thíos.




- (a) Scríobh síos comhordanáidí an phointe A .

$$A = \left(\quad , \quad \right)$$

Is é B an pointe $(6, 2)$.


- (b) Faigh **fad** $[AB]$. Biodh do fhreagra san fhoirm \sqrt{x} , áit a bhfuil $x \in \mathbb{N}$.



Is é C an pointe $(-4, 1)$.

- (c) **Breac** an pointe C ar an ngréille chomhordanáideach thuas.
Lipéadaigh an pointe C go soiléir.


- (d) Faigh **fána** na líne CA .



Ceist 7

(10 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)

Tarraingíonn Íde an sceitse den triantán a thaispeántar. Tá na sleasa 4 cm, 6 cm, agus 8 cm ar fad.



(a) Cén cineál triantáin a sceitseáil Íde? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Cineál Triantáin	Cuir tic (✓) i mbosca amháin
Comhchosach	
Corrshleasach	
Comhshleasach	

(b) Tóg triantán Íde sa bhosca thíos. Taispeáin do línte tógála go soiléir.

(c) Tomhais an uillinn is mó i do thriantán i gcuid (b).
Scríobh méid na huillinne sin sa bhosca thíos, ceart go dtí an chéim is gaire.

Méid na huillinne is mó = °

Ich	iom. rea
-----	----------

Ceist 8

(10 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)

Seo iad na marcanna a fuair 9 mac léinn i dtriail:

23	16	13	30	26	15	18	23	20
----	----	----	----	----	----	----	----	----

(a) Scríobh amach na 9 marc go léir **in ord**, ón gceann is lú go dtí an ceann is mó.

Freagra =

--	--	--	--	--	--	--	--	--

(b) Scríobh síos an marc **airmheánach**. Marc airmheánach =

--

(c) Faigh **raon** na marcanna.

Suimíonn an múinteoir **2 mharc** leis an marc a fuair gach mac léinn.



(d) Faigh **raon nua** na marcanna.

Ceist 9

(5 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)


Tá sleasa 2 cm ar fad ar chiúb.

(a) Faigh **toirt** an chiúb.



(b) Cé mhéad **aghaidh** atá ar chiúb?

(c) Tarraing **eangach** den chiúb, chomh beacht agus is féidir leat.




Ich	iom. rea
-----	----------

Ceist 12

(10 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)

Taispeántar graf na líne $y = x + 1$ ar an ngréille chomhordanáideach thíos.




(a) Scríobh síos comhordanáidí an phointe ina dtrasnaíonn an líne sin an **y-ais**.

(,)


(b) Scríobh síos comhordanáidí an phointe ina dtrasnaíonn an líne $y = x + 4$ an **y-ais**.

Freagra:


(,)




(c) Uaidh sin, nó ar shlí eile, **tarraing** graf na líne $y = x + 4$ ar an ngréille chomhordanáideach thuas.



Bain úsáid as an leathanach seo le haghaidh obair bhreise.



lch	iom. rea
-----	----------



An Teastas Sóisearach, 2015 – Gnáthleibhéal

Matamaitic – Páipéar 2

Dé Luain, 8 Meitheamh
Maidin, 9:30 go dtí 11:30